Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025
(OR. en)

16953/25

ENER 689
ENV 1405
TRANS 655
ECOFIN 1764
RECH 566
DELACT 197

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 8723 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 16.12.2025 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat de chuid an Aontais maidir le poitéinseal téimh dhomhanda ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 8723 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 8723 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.12.2025
C(2025) 8723 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16.12.2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat de chuid an Aontais maidir le poitéinseal téimh dhomhanda ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú) (dá ngairtear freisin an 'Treoir athmhúnlaithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh' nó 'an Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF') ina cuid de Chlár Oibre 2021 an Choimisiúin 'Oiriúnach do 55'. Comhlánaíonn sí comhpháirteanna eile an phacáiste a moladh i mí Iúil 2021[1] agus leagtar amach inti an fhís maidir le stoc foirgneamh astaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Mar a léiríodh cheana sa phlean gníomhaíochta ar son na haeráide[2], is príomhionstraim reachtach é chun cuspóirí dícharbónaithe 2030 agus 2050 a bhaint amach.

Aithnítear i dTreoir (AE) 2024/1275 go bhfuil foirgnimh freagrach as astaíochtaí gás ceaptha teasa roimh a saolré oibríochtúil, lena linn agus ina diaidh agus iarrtar dícharbónú an stoic foirgneamh, rud a théann níos faide ná an bhéim atá ann faoi láthair ar astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla. Ceanglaítear le Treoir (AE) 2024/1275 astaíochtaí saolré uile foirgneamh a chur san áireamh de réir a chéile, ag tosú le foirgnimh nua.

Leis an bpoitéinseal téimh dhomhanda (GWP) ar feadh saolré foirgnimh, léirítear rannchuidiú foriomlán an fhoirgnimh le hastaíochtaí a bhfuil an t-athrú aeráide mar thoradh orthu. Tugtar le chéile ann astaíochtaí gás ceaptha teasa a chorpraítear i dtáirgí foirgníochta le hastaíochtaí díreacha agus indíreacha ón gcéim úsáide. Is banc ábhair mór iad foirgnimh, agus iad ina stórtha acmhainní thar na blianta fada. Agus GWP ar feadh saolré á ríomh, ba cheart go spreagfaí príomhshruthú roghanna deartha atá feasach ar an aeráid agus roghanna modhanna foirgníochta agus táirgí foirgníochta a bhfuil go leor samplaí maithe ann ina leith cheana féin.

Foráiltear le hAirteagal 7(2) de Threoir (AE) 2024/1275 go bhfuil GWP ar feadh saolré le ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn III agus le nochtadh i ndeimhniú feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh:

(a) ón 1 Eanáir 2028, i gcás gach foirgnimh nua a bhfuil achar urláir úsáideach is mó ná 1 000 m2 aige;

(b) ón 1 Eanáir 2030, i gcás gach foirgnimh nua.

Faoi Airteagal 7(3) den Treoir sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn III a leasú chun creat de chuid an Aontais a leagan amach maidir le GWP ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta d'fhonn aeráidneodracht a bhaint amach.

Ceanglaítear le hAirteagal 7(5) de Threoir (AE) 2024/1275 freisin ar na Ballstáit treochláir náisiúnta a tharraingt suas faoin 1 Eanáir 2027 ina sonraítear tabhairt isteach teorainnluachanna maidir le GWP ar feadh saolré gach foirgnimh nua. Ghlac an Coimisiún treoraíocht maidir leis na forálacha i dtaca le GWP ar feadh saolré foirgneamh nua in

---

1 An Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích – An Coimisiún Eorpach

2 *Climate Target Plan: Stepping up Europe's 2030 climate ambition - Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people* [An Plean um Sprioc Aeráide: Ag cur le huaillmhian 2030 na hEorpa don aeráid – Infheistiú i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas ár bpobail] COM/2020/562 final.

Airteagal 7(2) agus (5) mar chuid de shraith treoirdhoiciméad maidir le forálacha nua nó forálacha atá modhnaithe go substaintiúil de Threoir (AE) 2024/1275.

De bhun Airteagal 7(3) de Threoir (AE) 2024/1275, is é is cuspóir don rialachán tarmligthe seo creat de chuid an Aontais a leagan amach maidir le GWP ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta d'fhonn na torthaí i ndeimhniú feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh a nochtadh. Maidir le teorainnluachanna náisiúnta a bhunú, ba cheart do na Ballstáit tagairt a dhéanamh don treoir maidir le poitéinseal téimh dhomhanda ar feadh saolré foirgneamh nua, ina leagtar amach gur faoi na Ballstáit atá sé raon feidhme na gcéimeanna saolré nó na modúl a chumhdaítear leis na teorainnluachanna a chinneadh, agus go bhféadfaidh na Ballstáit a chinneadh codanna áirithe de raon feidhme na gcomhpháirteanna tógála a eisiamh ó raon feidhme an teorainnluacha.

Tá GWP ar feadh saolré ábhartha freisin maidir le roinnt forálacha eile i dTreoir (AE) 2024/1275:

– Airteagal 6(2), an chéad fhomhír, de Threoir (AE) 2024/1275, ina luaitear go bhféadfaidh na Ballstáit an GWP ar feadh saolré a chur san áireamh agus na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh á ríomh acu;
– Airteagal 19(2), an dara fomhír, lena bhforáiltear, i gcás foirgnimh atá ann cheana agus a athchóirítear go haicme A+, go n-áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar meastachán ar GWP ar feadh saolré agus go nochtfar é i ndeimhniú feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh;
– Iarscríbhinn II, lena leagtar síos an teimpléad do na pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh dá dtagraítear in Airteagal 3, agus ina n-iarrtar ar na Ballstáit a spriocanna agus meánluach GWP ar feadh saolré i bhfoirgnimh nua a thuairisciú;
– Iarscríbhinn V, pointe 1, ina leagtar síos go dtaispeánfaidh an deimhniú feidhmíochta fuinnimh an GWP ar feadh saolré ar a leathanach tosaigh, má tá sé ar fáil.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go leagtar amach sa rialachán tarmligthe seo creat de chuid an Aontais maidir le GWP ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta chun GWP foirgneamh nua amháin a ríomh, agus iad siúd amháin. Maidir le foirgnimh atá ann cheana a bhfuil athchóiriú á dhéanamh orthu, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit an mhodheolaíocht a oiriúnú leis na céimeanna is gá nó a modh ríofa féin a úsáid, i gcomhréir leis na caighdeáin ábhartha.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chun an Rialachán Tarmligthe seo a ullmhú, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le hionadaithe na mBallstát roinnt uaireanta mar a shonraítear thíos.

- Trí cheistneoir chuig na Ballstáit maidir le GWP ar feadh saolré, chun tuiscint níos fearr a fháil ar chreataí náisiúnta atá ann cheana nó ar chreataí náisiúnta tearcfhorbartha, agus ar ionchais ón Rialachán Tarmligthe. Scaipeadh an ceistneoir an 31 Deireadh Fómhair 2024 agus bailíodh aiseolas i scríbhinn.
- Trí chruinnithe le grúpa saineolaithe an Choimisiúin 'Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh' (E03689):
  - an 4 Nollaig 2024, scaipeadh an doiciméad 'doiciméad oibre don Ghníomh Tarmligthe lena leagtar amach creat de chuid an Aontais maidir le GWP ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta' roimh an gcruinniú,

agus bailíodh aiseolas le linn an chruinnithe agus bailíodh barúlacha i scríbhinn tar éis an chruinnithe;

  - an 11 Feabhra 2025, scaipeadh an doiciméad 'an chéad dréacht den Ghníomh Tarmligthe ina leagtar amach creat de chuid an Aontais maidir le GWP ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta' roimh an gcruinniú, agus bailíodh aiseolas le linn an chruinnithe agus barúlacha i scríbhinn a bailíodh tar éis an chruinnithe;
  - an 7 Aibreán 2025, soláthraíodh nuashonruithe ar an doiciméad 'dréacht beachtaithe den Ghníomh Tarmligthe lena leagtar amach creat de chuid an Aontais maidir le GWP ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta, agus béim ar leith á leagan ar úsáid sonraí ó Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 agus ó Rialachán (AE) 2024/3110, na Rialacháin um Tháirgí Foirgníochta agus rinneadh plé ar an gcineál sonraí a bhí le húsáid le haghaidh an ríomha;
  - an 22 Bealtaine 2025, scaipeadh an doiciméad 'dréacht beachtaithe den Ghníomh Tarmligthe lena leagtar amach creat de chuid an Aontais maidir le GWP ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta' roimh an gcruinniú, le haiseolas ar an doiciméad a bailíodh le linn an chruinnithe agus barúlacha i scríbhinn a bailíodh tar éis an chruinnithe.
  - an 23 Deireadh Fómhair 2025, scaipeadh an doiciméad 'dréacht den Ghníomh Tarmligthe lena leagtar amach creat de chuid an Aontais maidir le GWP ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta' roimh an gcruinniú. Bunaithe ar an malartú ag an gcruinniú, rinneadh roinnt modhnuithe ar an téacs. Thug an grúpa saineolaithe tuairim fhabhrach trí chomhthoil maidir leis an dréacht modhnaithe.

- Trí sheisiúin thiomnaithe ag roinnt seisiúin iomlánacha de Ghníomhaíocht Chomhbheartaithe na Treorach maidir le FFF. Is tionscnamh comhpháirteach é seo idir na Ballstáit agus an Coimisiún lena mbaineann ionadaithe ó aireachtaí náisiúnta nó óna n-institiúidí cleamhnaithe atá i gceannas ar an gcreat teicniúil, dlíthiúil agus riaracháin a ullmhú le haghaidh Threoir (AE) 2024/1275 i ngach Ballstát chomh maith leis an Iorua (https://www.ca-epbd.eu/).

Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara gairmiúla (comhlachais tionscail ábhartha, eagraíochtaí neamhrialtasacha, an saol acadúil agus gairmithe in earnáil na tógála agus an fhuinnimh, etc.) mar seo a leanas.

- An 22 Deireadh Fómhair 2024, eagraíodh imeacht ar líne maidir le GWP ar feadh saolré chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin obair leanúnach agus faoi bhreithnithe a bhaineann le forbairt an Ghnímh Tharmligthe. Bailíodh aiseolas le linn an chruinnithe agus tar éis an chruinnithe trí ionchur i scríbhinn agus páipéir seasaimh.
- An 21 Feabhra 2025, eagraíodh cruinniú ar líne le páirtithe leasmhara chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin obair leanúnach agus faoi na breithnithe a bhaineann le forbairt an Ghnímh Tharmligthe. Scaipeadh cur i láthair agus suirbhé roimh an gcruinniú. Bailíodh aiseolas le linn an chruinnithe agus tar éis an chruinnithe, go háirithe tríd an suirbhé.

Foilsíodh an dréacht-Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis le haghaidh aiseolais ón 3 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2025. Le linn na tréimhse sin, chuir réimse éagsúil freagróirí 116 aighneacht isteach, agus bhí

comhlachais ghnó agus cuideachtaí/gnólachtaí ar na cinn ba líonmhaire ina measc, arbh iad 43 agus 30 faoi seach, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENR) (18) ina dhiaidh sin.

Ar an iomlán, chuir na freagróirí in iúl go dtacaíonn siad leis an gcomhad. Níor sainaithníodh aon mhór-shaincheist. Cuireadh an t-aiseolas san áireamh go cuí.

Ar bhun na mbarúlacha a fuarthas ar an tairseach 'Cloisimis Uait' agus ó na Ballstáit, cuireadh bailchríoch ar an téacs agus scaipeadh é ar ghrúpa saineolaithe an Choimisiúin.

**Bailiú agus úsáid saineolais**

Thacaigh conradh sonrach tacaíochta teicniúla le hullmhú an Rialacháin Tharmligthe agus na dTreoirlínte chomh maith le bailiú agus anailís an ionchuir ó pháirtithe leasmhara[3].

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Chun aghaidh a thabhairt ar na ceanglais nua a tugadh isteach in Airteagal 7(2) de Threoir (AE) 2024/1275, leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe creat de chuid an Aontais maidir le GWP ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta. Leis an Rialachán Tarmligthe, déantar Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275 a leasú agus a ionadú agus tugtar soiléirithe maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

– an caighdeán bunlíne do cheanglais an chreata;

– an tréimhse staidéir tagartha chun GWP ar feadh saolré a ríomh;

– na sonraí atá le húsáid chun GWP ar feadh saolré a ríomh;

– an sainmhíniú ar an achar urláir úsáideach;

– raon feidhme na céime saolré;

– raon feidhme na gcomhpháirteanna tógála;

– na torthaí a thuairisciú, go háirithe maidir le teastais feidhmíochta fuinnimh foirgneamh.

3 Cúnamh teicniúil maidir le tuairisciú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar feadh saolré iomlán le haghaidh foirgneamh. Iarraidh ar sheirbhísí Uimh. ENER/B3/2023-305 i gcomhthéacs an chreatchonartha seirbhíse iolrach ENER/2020/OP/0021 ENER/C3/2020-724 lena ngabhann athoscailt iomaíochta le haghaidh saineolas cáilithe dlíthiúil, teicniúil agus eacnamaíoch i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh agus an fhuinnimh in-athnuaite.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16.12.2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat de chuid an Aontais maidir le poitéinseal téimh dhomhanda ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgnimh[4], agus go háirithe Airteagal 7(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7(2) de Threoir (AE) 2024/1275, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an poitéinseal téimh dhomhanda (GWP) ar feadh saolré a ríomh agus a nochtadh i ndeimhniú feidhmíochta fuinnimh foirgneamh nua i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na catagóirí foirgneamh a eisiann siad ón oibleagáid deimhniú feidhmíochta fuinnimh a bheith acu de bhun Airteagal 20(6) den Treoir sin a eisiamh ón oibleagáid GWP ar feadh saolré a ríomh.

(2) Tá gá le creat comhchuibhithe de chuid an Aontais maidir le GWP ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta chun go gcuirfidh earnáil na tógála inchomparáideacht astaíochtaí saolré gás ceaptha teasa chun cinn ar fud an Aontais, rud a éascóidh an measúnú ar an tionchar aeráide atá ag táirgí agus ag gníomhaíochtaí éagsúla a bhaineann le foirgnimh.

(3) Le creat de chuid an Aontais maidir le GWP ar feadh saolré a ríomh ar bhonn náisiúnta, ba cheart modheolaíocht chomhchoiteann agus sraith rialacha a sholáthar, lena gcuirfí ar a gcumas do na Ballstáit astaíochtaí saolré gás ceaptha teasa a ríomh ar bhealach comhsheasmhach agus trédhearcach, d’fhonn na torthaí i ndeimhniú feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh a nochtadh. In éineacht leis an dearbhú maidir le héifeachtaí saolré atá ag táirgí foirgníochta ar an athrú aeráide faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011[5] agus Rialachán (AE) 2024/3110[6] (cinntear an rialachán is infheidhme de réir an táirge foirgníochta atá i gceist), tacaíonn creat an Aontais le

---

[4] IO L 2024/1275, 8.5.2024.

[5] Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/ ón gComhairle.

[6] Rialachán (AE) 2024/3110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 (IO L, 2024/3110, 18.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3110/oj).

cruthú príomh-mhargaí le haghaidh táirgí ísealcharbóin lena laghdaítear astaíochtaí saolré iomláine foirgneamh. D'fhéadfadh neamhréireachtaí agus cóir neamh-chomhionann oibreoirí eacnamaíocha teacht as an easpa creata den sórt sin de chuid an Aontais, rud a dhéanfadh dochar d'éifeachtacht agus do chomhleanúnachas bheartais aeráide an Aontais.

(4) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú agus an t-aistriú chuig cur chuige aontaithe a éascú, is gá creat aonfhoirmeach a leagan síos lena mbunaítear prionsabail choiteanna le haghaidh uirlisí nó modhanna náisiúnta atá ann cheana agus a bunaíodh roimh ghlacadh Threoir (AE) 2024/1275 agus uirlisí nó modhanna a d'fhorbrófaí amach anseo.

(5) Le creat an Aontais, ba cheart leibhéal áirithe inoiriúnaitheachta a chur ar fáil, rud a chuirfeadh ar a gcumas do na Ballstáit na huirlisí nó na modhanna náisiúnta oifigiúla atá acu cheana a chomhtháthú sa chur chuige nua aontaithe, agus a áirithiú an tráth céanna go leanfaidh an creat foriomlán de bheith comhsheasmhach agus go gcuirfidh sé inchomparáideacht na dtorthaí chun cinn ar fud an Aontais.

(6) Ba cheart creat an Aontais do mheasúnú GWP ar feadh saolré a bheith bunaithe ar chaighdeáin agus modheolaíochtaí a aithnítear go hidirnáisiúnta, go háirithe EN 15978 (EN 15978:2011 Inbhuanaitheacht oibreacha foirgníochta. Feidhmíocht chomhshaoil foirgneamh a mheasúnú. Modh ríofa) agus aon chaighdeán ina dhiaidh sin a bhaineann le hinbhuanaitheacht oibreacha foirgníochta agus an modh ríofa chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil foirgneamh á gcur san áireamh, agus stóráil carbóin i bhfoirgnimh nó ar fhoirgnimh, tógáil fhadtéarmach agus geilleagar ciorclach san fhoirgníocht á gcur chun cinn, lena n-áirítear athúsáid agus athchúrsáil ábhar agus dearadh le haghaidh díchóimeála. Ba cheart breithniú a dhéanamh freisin le creat an Aontais ar thionscnaimh atá ann cheana, lena n-áirítear creat comhchoiteann Leibhéal/Leibhéil an Aontais maidir le táscaire 1.2 agus creataí náisiúnta oifigiúla, chun ardleibhéal cosanta comhshaoil agus comhsheasmhacht le huirlisí agus modhanna náisiúnta atá ann cheana agus iarrachtaí domhanda chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide a áirithiú.

(7) Le creat an Aontais, ba cheart raon feidhme aonfhoirmeach na n-eilimintí tógála agus an trealaimh theicniúil a bhunú, rud lena n-íoslaghdaítear bacainní margaidh idir na Ballstáit agus lena n-éascaítear an tuiscint ar thorthaí agus an chomparáid eatarthu, agus sainaithint foinsí astaíochtaí á gcumasú an tráth céanna. Tá gá le leibhéal cothrom mionsonraithe i raon feidhme aonfhoirmeach na n-eilimintí foirgnimh agus an trealaimh theicniúil chun torthaí cruinne agus inchomparáide a bhaint amach, ós rud é go bhféadfadh cineálacha cur chuige neamhréireacha agus braistintí éagóracha ar thionchar comhshaoil tionscadal agus réiteach éagsúil teacht as ginearáltacht iomarcach nó leibhéil éagsúla sonraí.

(8) Chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ar feadh na saolré iomláine a laghdú go héifeachtach, ba cheart GWP ar feadh saolré a ríomh nó a mheas le linn chéim an deartha, sula gcuirfear tús le tógáil an fhoirgnimh, nuair is féidir fós athruithe a dhéanamh ar dhearadh an fhoirgnimh.

(9) Ba cheart go léireodh na torthaí a nochtar sa deimhniú feidhmíochta fuinnimh an foirgneamh mar a tógadh é, chun a áirithiú go dtugtar cuntas cruinn ar astaíochtaí gás ceaptha teasa iarbhír an fhoirgnimh chríochnaithe.

(10) Chun cruinneas agus comhsheasmhacht a áirithiú i ríomhanna GWP ar feadh saolré, ba cheart an t-achar urláir úsáideach a úsáidtear sna ríomhanna a shainiú go soiléir,

agus ar an gcaoi sin an fhéidearthacht a sheachaint go laghdódh limistéir ísealtionchair toradh foriomlán GWP ar feadh saolré an fhoirgnimh go saorga. Dá bhrí sin, ba cheart go n-éileofaí le creat an Aontais trédhearcacht maidir leis na hachair urláir a úsáidtear sa ríomh trína cheangal ar rialacha náisiúnta caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta a chur san áireamh, agus an tráth céanna roinnt solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit an t-achar urláir úsáideach a shainiú ar an leibhéal náisiúnta.

(11) Chun cruinneas agus iontaofacht ríomh GWP ar feadh saolré a áirithiú, ba cheart ordlathas soiléir na sonraí ionchuir a bhunú bunaithe ar a gcáilíocht agus a mbeachtas. Le ríomh GWP ar feadh saolré, ba cheart tosaíocht a thabhairt d'úsáid sonraí arna n-eisiúint faoi ghníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2024/3110, lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú.

(12) Sna réigiúin is forimeallaí, de réir bhrí Airteagal 349 CFAE, féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar ríomh GWP ar feadh saolré an fhoirgnimh a shimpliú trí úsáid leathnaithe sonraí réamhshocraithe a cheadú sna réigiúin sin, chun an fhéidearthacht maidir le díolúine a aithnítear le Rialachán (AE) 2024/3110 is infheidhme maidir le táirgí foirgníochta a chuirtear ar an margadh sna réigiúin is forimeallaí a chur san áireamh.

(13) Ba cheart GWP ar feadh saolré an fhoirgnimh a nochtar sa deimhniú feidhmíochta fuinnimh a thuairisciú i bhformáid thrédhearcach, ina léirítear torthaí do gach céim saolré ar a laghad. Chun críoch eile, lena n-áirítear rialú agus fíorú agus bailiú sonraí chun teorainnluachanna a shocrú agus a nuashonrú ar an leibhéal náisiúnta, moltar do na Ballstáit faisnéis níos mionsonraithe a bhailiú maidir le GWP ar feadh saolré foirgnimh.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2024/1275 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1275.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16.12.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*